Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 2

# Roinn an Taoisigh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus chostais Roinn an Taoisigh lena n-áirítear seirbhísí faoi leith atá curtha i bhfeidhm ag an Roinn agus íocaíochtaí deontas agus deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €6.76 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas ar na Beartais agus na Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánach a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánach a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Dearbhú ar Sheirbhísí Comhroinnte***

Is ar bhonn seirbhísí comhroinnte a dhéanann Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Cill Airne idirbhearta airgeadais a phróiseáil. Tá mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhísí idir Roinn an Taoisigh agus na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais comhlíonta agam i ndáil le soláthar na seirbhíse comhroinnte seo.

Cuirtear feidhmeanna Párolla agus Acmhainní Daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte ón Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte (Vóta 18). An tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 atá freagrach maidir le rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte a fheidhmiú.

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte d'fhonn dearbhú neamhspleách a thabhairt maidir le feidhmiú na rialuithe laistigh de Sheirbhísí Comhroinnte. Gnólachtaí cuntasaíochta atá ag tabhairt faoi na hiniúchtaí de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta i ndáil le Dearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402), dearbhuithe atá leagtha amach chun tuairisciú do ranna agus dá n-iniúchóirí maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm laistigh de Sheirbhísí Comhroinnte.

Mar chuid de na hiniúchtaí tugtar faoi mheasúnú ullmhachta d'fhonn rioscaí agus rialuithe bainteacha a aithint agus anailís bhearna a chur ar fáil agus ina dhiaidh sin tuairisc ar leagan amach rialuithe chom mhaith le tuarascáil bhliantúil ar cibé ar oibrigh na rialuithe go héifeachtach.

Tá litreacha curtha ar fáil ag Oifigeach Cuntasaíochta na Seirbhísí Comhroinnte agus ag Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an bpróiseas dearbhaithe agus beidh torthaí na n-iniúchtaí i dtaobh leagan amach rialuithe, rialuithe atá i bhfeidhm agus feidhmiú na rialuithe le tuairisciú chugamsa mar a leagtar amach sna litreacha sin.

Tá muinín agam sa chóras rialaithe atá i bhfeidhm laistigh de Sheirbhísí Comhroinnte agus den Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais mar a thuairisc Oifigeach Cuntasaíochta na Seirbhísí Comhroinnte agus Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi seach dom iad.

Seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánach.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthaimh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht leis na treoirlínte iomchuí a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás ceithre chonartha de luach €643,939 atá liostaithe i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Bhí an conradh ba mhó, de luach €403,264, faoi réir próiseas oscailte tairisceana roimhe sin. Baineann sé le cothabháil, tacaíocht agus caiteachas ceadúnais ar chóras saincheaptha d'úsáideoirí ar fad ar fud na Ranna Rialtais chomh maith le caiteachas ar nuashonrú a bhí a teastáil ar an gcóras. Bronnadh conradh eile de luach €105,854 gan dul i mbun tairiscint iomaíoch. Tugadh faoi anailís costais is tairbhe áfach lena chinntiú go mbeadh luach ar airgead ar an gconradh beartaithe. Áiríodh an dá chonradh atá liostaithe mar gur tugadh ar aghaidh iad ón mbliain roimhe sin, agus ceann acu a bheidh faoi réir iarraidh ar phróiseas tairisceana in 2017.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

30 Márta 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 2 Roinn an Taoisigh

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 2 Taoisigh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn/hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 2Taoisigh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn an Taoisigh. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

24 Meán Fómhair 2017

# Vóta 2 Roinn an Taoisigh
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais | 30,220 | 23,348 | 23,288 |
| | **Ollchaiteachas** | **30,220** | **23,348** | **23,288** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **870** | **763** | **909** |
| | **Glanchaiteachas** | **29,350** | **22,585** | **22,379** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | | **€** |
| Farasbarr le géilleadh | 6,764,751 | 4,643,451 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 12,886 | 11,866 | 12,012 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 535 | 473 | 468 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,505 | 937 | 666 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 360 | 252 | 261 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,060 | 1,241 | 770 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 316 | 280 | 291 |
| vii | Seirbhísí comhairleacha agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar bheartais | 18 | --- | 9 |
| | | 16,680 | 15,049 | 14,477 |

# Nótaí maidir leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas clár | | 8,299 | 8,811 |
| Pá | | 11,866 | 12,012 |
| Neamhphá | | 3,183 | 2,465 |
| **Ollchaiteachas** | | **23,348** | **23,288** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **763** | **909** |
| **Glanchaiteachas** | | **22,585** | **22,379** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (60) | | |
| Dímheas | 116 | 56 | 1 |
| | | | |
| **Sócmhainní á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in Airgead Tirim | | (164) | -- |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | (223) | | |
| Laghdú ar stoc | (5) | | |
| | | (228) | 137 |
| **Caiteachas díreach** | | **22,249** | **22,517** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta1.1) | | 4,269 | 4,161 |
| Measchíosanna | | 1,395 | 1,395 |
| **Glanchostas clár** | | **27,913** | **28,073** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an méid glanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 2, a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 8 | |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 2,522 | 2,648 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 933 | 514 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta Seirbhísí Roinnte | m | 21 | 14 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | | 186 | 256 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas | m | 57 | 63 |
| Vóta 36 Cosaint | m | 72 | 72 |
| Ciste Lárnach: Pinsin Taoisigh agus Aire | m | **470** | 594 |
| | | **4,269** | **4,161** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **286** | **342** |
| **Sócmhainní caipitil á bhforbairt** | 2.3 | 164 | __ |
| | | **450** | **342** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 1,215 | 574 |
| Stoic | 2.5 | 100 | 95 |
| Réamhíocaíochtaí | | 404 | 333 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 100 | 273 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,819** | **1,275** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 162 | 314 |
| Iarmhéideanna Sochair Eile | 2.7 | 664 | 654 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 2.8 | 651 | 193 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,477** | **1,161** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 342 | 114 |
| **Glansócmhainní** | | **792** | **456** |
| **Arna léiriú sa:** | | | |
| **Cuntas cistithe an Stáit** | 2.1 | **792** | **456** |

| **2.1 Cuntas Cistithe an Stáit** | **Nóta** | **2016** €000 | €000 | **2015** €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 456 | 594 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 29,350 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (6.765) | | |
| Glan vóta | | | 22,585 | 22,379 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 4,269 | 4,161 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíosanna | 1 | | 1,395 | 1,395 |
| Glanchostas clár | 1 | | (27,913) | (28,073) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **792** | **456** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh IT agus Oifig | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luach ag 1 Eanáir 2016 | 2,234 | 590 | 2,824 |
| Breiseanna | 55 | 5 | 60 |
| Diúscairtí | -- | (8) | (8) |
| Costas nó luach ag 31 Nollaig 2016 | 2,289 | 587 | 2,876 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid oscailte ag 1 Eanáir 2016 | 1,972 | 510 | 2,482 |
| Dímheas don bhliain | 96 | 20 | 116 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (8) | (8) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2016 | 2,068 | 522 | 2,590 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **221** | **65** | **286** |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **262** | **80** | **342** |

**2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt**

| amhail an 31 Nollaig 2016 | **eCabinet**[a] |
|---|---|
| | **€000** |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh an 1 Eanáir 2016 | — |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 164 |
| Aistrithe chuig an gclár sócmhainní | — |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016 | 164 |

[a] Tacaíonn an córas eCabinet leis na próisis riaracháin a bhaineann le gnó an Rialtais a ullmhú agus a stiúradh agus éascaíonn sin chomh maith le cinntí Rialtais a scaipeadh. Baineann 3000 duine úsáid as an gcóras ar fud na ranna Rialtais. Tá uasghrádú mór ar bun ar an gcóras lena chinntiú go n-oibreoidh sé ar bhonn leanúnach.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 1,183 | 528 |
| Cuntas bhainc thráchtála | 32 | 46 |
| | 1,215 | 574 |

| **2.5 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Bronntanais | 13 | 11 |
| Stáiseanóireacht | 41 | 38 |
| Foilseacháin | 41 | 41 |
| Ábhar Inchaite. srl. | 5 | 5 |
| | 100 | 95 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Cuntas fionraí OOP | --- | 148 |
| Cuntas fionraí párolla | --- | 25 |
| Aisghabháil ar chaiteachas na scéime pas taistil | 80 | 64 |
| Eile | 20 | 36 |
| | 100 | 273 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin ioncaim | 310 | 331 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 110 | 115 |
| Cáin Bhreisluacha | 59 | 24 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 53 | 90 |
| Fionraí pinsean | | — |
| | 532 | 560 |
| Asbhaintí den phárolla a coimeádadh ar fionraí | 99 | 93 |
| Eile | 33 | 1 |
| | 664 | 654 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 6,764 | 4,643 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (6,113) | (4,450) |
| Glandliteanas don Státchiste | 651 | 193 |
| **Arna léiriú i:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,215 | 574 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 100 | 273 |
| | 1,315 | 847 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (532) | (560) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (132) | (94) |
| | (664) | (654) |
| | 651 | 193 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 22 | 222 |
| Tionscadail Chaipitil | 327 | — |
| Iomlán na dTiomantas atá infhorfheidhmithe le dlí | 349 | 222 |

**3.0 Dliteanais Aibithe**

Ní raibh aon dliteanais aibithe gan scaoileadh ag deireadh na bliana 2016 nó sa bhliain roimhe sin.

## 3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 12,886 | 11,866 | 12,012 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 3,794 | 3,184 | 2,465 |
| A.3 | An Chomhairle um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta | 1,990 | 1,822 | 1,919 |
| A.4 | Binse Fiosraithe | 4,500 | 1,086 | 2,913 |
| A.5 | Rannpháirtíocht an AE | 300 | 276 | 302 |
| A.6 | Pearsanra Éireannach in institiúidí an AE agus idirnáisiúnta | 1,850 | 1,553 | 1,182 |
| A.7 | Coimisiún Imscrúdaithe | 3,400 | 2,489 | 1,637 |
| A.8 | Cosaint Sonraí | 500 | 248 | 163 |
| A.9 | Gnóthaí Diaspóra | 1,000 | 825 | 695 |
| | | 30,220 | 23,349 | 23,288 |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gclár €6.87 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh. Seo a leanas na hathrúcháin shuntasacha:

| Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 1,020 | Bhí athraitheas i gceist faoin bhfo-cheannteideal seo mar thoradh ar an mhoill a bhí ann folúntais a líonadh in 2016. Chomh maith leis sin, nuair a athraíodh feidhmeanna rannpháirteachta AE agus gnóthaí diaspóra chuig an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i bhfómhar 2016, sheas an Vóta do Ghnóthaí Eachtracha agus Trádála costas €0.2 milliún a bhain leis an bhfoireann sin don chuid eile den bhliain. |
| An Chomhairle um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta | 168 | Bhí athraitheas i gceist faoin bhfo-cheannteideal seo, go príomha mar gheall nár líonadh post amháin in 2016 lenar bhain €0.1 milliún den athraitheas. Bhain an chuid eile le tráthúlacht billí fáltais ag deireadh na bliana. |
| Binse Fiosruithe | 3,414 | Bhí athraitheas i gceist mar gheall ar an líon éileamh ar chostais dlí a réitíodh in 2016 a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Pearsanra na hÉireann in Institiúidí AE agus idirnáisiúnta | 297 | De réir na ráithe agus i riaráistí a íoctar aisghabhálacha . Bíonn rannán gnóthaí Eorpacha Roinn an Taoisigh, a chuir i bhfeidhm an scéim in 2016, ag brath ar mháthair-Ranna na saineolaithe náisiúnta a bhíonn ar iasacht chun a n-iarratais a chur ar aghaidh ar íocaíocht tuarastail /PRSI/liúntais (más infheidhme). Nuair nár bhfuarthas in am iad, lean an Rannán AE suas leis an máthair-Roinn iad chun féachaint le híocaíocht phras a chinntiú. |

| **Fo-theideal** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Coimisiúin Imscrúdúcháin | 911 | Tá na Coimisiúin Fennelly agus IBRC neamhspleách ina gcuid imscrúdúchán agus bíonn a gcuid leibhéal caiteachais ag brath ar riachtanais a gcuid imscrúdúchán i dtosach báire. Cuireadh moill ar obair an IBRC, mar shampla, de bharr go raibh reachtaíocht sainiúil de dhíth. |
| Cosaint Sonraí | 252 | Bhain an t-athraitheas faoin bhfo-cheannteideal seo le caiteachas beartaithe in 2016 a bhain leis an gCruinniú Mullaigh Idirnáisiúnta Sonraí. In 2016 ar dtús a bhí sé beartaithe ach cuireadh moill air go dtí mí Meithimh 2017. |
| Gnóthaí Diaspóra | 175 | Baineann an t-athraitheas le níos lú caiteachais ar an scéim ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr deacrachtaí a bheith ann leibhéal na n-iarratas a mheas nuair a bhíothas ag réiteach meastachán agus a thoradh sin nach raibh na hiarratais ar fad a fuarthas ag comhlíonadh na gcritéar riachtanach lena n-áireamh sa scéim deontas. Freisin, ní bhfuair roinnt iarratas ach tairiscint ar pháirt-mhaoiniú agus i gcásanna eile, níor tarraingíodh anuas an méid iomlán. |

## 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí i gcabhair** | | **2016** | | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ilghnéitheach | 58 | 47 | 55 |
| 2. | Fáltais ó asbhaint um pinsean as luach saothair seirbhíse poiblí | 812 | 716 | 854 |
| | **Iomlán** | **870** | **763** | **909** |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 204 | 217 |

Áirítear san anailís thuas foireann neamh-rannach atá breactha in A.1 agus faoi cheannteidil eile.

Áirítear i bhfigiúirí 2016 sa tábla thuas an chroí-fhoireann ón Roinn (181.3), Cosaint Sonraí (2), Gnóthaí Diaspóra (1.6), An Chomhairle um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta (NESC) (15.7), Coimisiún Fennelly (1), an Coimisiún Imscrúdúcháin (IBRC) (1), Binse Fiosraithe Moriarty (1).

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 14,074 | 12,787 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht | 47 | — |
| Liúntas i leith ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 401 | 310 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 351 | 340 |
| ÁSPC Fostóra | 957 | 848 |
| **Pá iomlán** | **15,830** | **14,285** |

Áirítear sna sonraí thuas íocaíochtaí le háisíneacht earcaíochta maidir le rúnaí dlí a chur ar fail do Bhinse Moriarty.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair | Uasíocaíocht Aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2016** | **2015** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 39 | 9 | 20,439 | 21,406 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 83 | 8 | 20,899 | 23,596 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 16 | 9 | 21,808 | 24,668 |

**5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Rinneadh íocaíocht €29,681 ex-gratia (2015: €30,977) i ndáil le sochar scoir aontaithe le hiarfhostaí.

**5.3 Ró-íocaíochtaí párolla**

€23,439 (9 gcás) i ró-íocaíochtaí a bhí i gceist ag deireadh na bliana (2015  €18,793, 11 cás). Bhí pleananna aisghabhála i bhfeidhm faoi dheireadh 2016 i leith €22,255 (6 chás) de sin.

**5.4 Iomarcaíocht agus scaoilíocaíochtaí**

Fuair beirt fostaithe íocaíochtaí iomarcaíochta agus scaoilíocaíochtaí in 2016 arbh ionann iad agus €10,860 i ndáil le hiomarcaíocht agus €35,981 i ndáil le scailíocaíochtaí.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Coimisiúin agus Fiosrúcháin**

**Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta**

| | **Bliain an cheaptha** | **2016** | **2015** | **Caiteachas Iomlán go dtí deireadh 2016** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Binse Fiosraithe II (Íocaíochtaí leis an Uasal Haughey agus leis an Uasal Lowry) | 1997 | 1,086 | 2,856 | 54,742 |
| Coimisiún Imscrúdaithe (Fennelly Commission) | 2014 | 1,289 | 1,160 | 3,023 |
| An Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cregan) | 2015 | 1,039 | 477 | 1,516 |

B'ionann an caiteachas carnach i leith an Bhinse Fiosraithe (íocaíochtaí leis na hUasail Haughey agus Lowry) go dtí deireadh mhí na Nollag 2016 agus €54.7milliún. Beidh tuilleadh íocaíochtaí ann a bhaineann leis an mBinse Fiosraithe seo. Ní féidir na costais chríochnaitheacha a chinneadh ag an bpointe seo.

Baineann an coimisiún Fiosraithe le Coimisiún Fennelly a bunaíodh le hOrdú Rialtais an 30 Aibreán 2014 le ceisteanna áirithe a fhiosrú a bhaineann leis an nGarda Síochána agus le dreamanna eile.

Baineann an Coimisiún Imscrúdúcháin (Cregan) leis an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc agus bunaíodh é in 2015.

**6.2 Bronntanais Oifigiúla**

Áirítear sa chuntas suim €3,203 a úsáideadh chun bronntanais a cheannach le bronnadh ag an Taoiseach agus ag Airí Stáit nó le bronnadh thar a gceann in 2016 (2015: €5,492).

**6.3 Costais Eadrána agus Réitigh**

Áirítear i gCaiteachas in 2016 seacht n-íocaíocht €1,516 (2015 2 chás: €2,654) ar an iomlán a rinneadh díreach leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stáit agus a bhain le dhá chás.

**6.4 Dliteanas Teagmhasach**

D'fhéadfadh slánaíocht a chur an Roinn ar fáil costais a ghiniúint ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níltear cinnte faoi mhéid ná an tráth a dtarlóidh a leithéid.